Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

An Rannán Leabharlann
Libraries Division

# Ballraíocht agus Téarma & Coinníollacha (Aibreán 2022)

## Ag glacadh ballraíochta ann

Tá sé saor in aisce a bheith i do bhall den leabharlann. Is féidir leat ballraíocht a ghlacadh agus tairbhe a bhaint as seirbhísí na leabharlanna ag aon aois. Más níos óige ná 18 mbliana d'aois atá tú, ba cheart duit iarraidh ar thuismitheoir/chaomhnóir agat glacadh leis na téarmaí agus coinníollacha thar do cheann féin. Cliceáil anseo mura miste leat chun teacht ar fhaisnéis faoin raon de sheirbhísí atá ar fáil sa leabharlann i do cheantar féin. Is féidir leat do bhallraíocht a athnuachan gach bliain.

## Glac ballraíocht sa Leabharlann

Is cuid den chóras náisiúnta leabharlainne é do leabharlann. Ceadaítear duit rochtain a fháil ar na Leabharlanna poiblí uile in Éirinn dá bharr.

Is féidir leat ballraíocht sa tseirbhís leabharlainne a bhaint amach ar líne nó sa leabharlann bhrainse i do cheantar féin. Beidh tú i do bhall san údarás ina bhfuil tú i do chónaí agus beidh rochtain agat ar na seirbhísí leabharlainne poiblí go léir atá ar fáil ar fud na tíre.

Chun ballraíocht a bhaint amach, ní mór foirm iarratais a chomhlánú, bíodh sé sin foirm ar líne nó cóip chrua di. Ní mór dó nó di dul go dtí an leabharlann agus cruthúnas fotagrafach a thaispeáint (chun taispeáint cé hé nó hí) agus cruthúnas ar sheoladh baile (an áit chónaithe dó nó di) chun an bhallraíocht a chur i bhfeidhm. Ní gá do leanaí faoi 18 mbliana d'aois aitheantas fótagrafach a thaispeáint.

Ní mór do leanaí agus daoine óga faoi ocht mbliana déag d'aois cead a fháil ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir acu chun ballraíocht a ghlacadh sa leabharlann. Bíonn tuismitheoirí/caomhnóirí freagrach as a leanaí sa leabharlann, as na roghnúcháin a dhéanann a leanaí agus as an úsáid a bhaineann siad amach as na hábhair agus seirbhísí leabharlainne, rochtain ar an Idirlíon san áireamh.

Is féidir le daoine fásta teacht a fháil ar an Idirlíon sa leabharlann, faoi réir an pholasaí um rochtain Idirlín.

Is leatsa agus leatsa amháin a mbaineann do chárta leabharlainne. Níl sé ceadmhach d'aon duine eile é a úsáid. Tabhair leatsa do chárta go dtí an leabharlann aon uair a théann tú ann.

Iarrtar ort aon athruithe a tharlaíonn a bhaineann le sonraí na ballraíochta a chur in iúl d'fhoireann na leabharlainne, cailliúint cárta leabharlainne san áireamh.

## Coinníollacha Ballraíochta

Is mar seo a leanas an ceadú a bhfaighfeá i ndáil le seirbhísí leabharlainne trí bhallraíocht a bheith agat:

- Duine Fásta - rochtain ar bhailiúcháin agus seirbhísí uile na leabharlainne, agus ar an idirlíon de réir na Téarmaí agus Coinníollacha atá sonraithe.

- Leanbh faoi 12 - rochtain ar leabharlann na leanaí, ar DVDanna suas go dtí rátáil PG, agus ar sheirbhísí idirlín do leanaí.

- Aosach Óg 12-14 - rochtain ar leabharlann na n-aosach, ar DVDanna suas go dtí rátáil 12, agus ar sheirbhísí idirlín do leanaí.

- Aosach Óg 15-17 - rochtain ar leabharlann na n-aosach, ar DVDanna suas go dtí rátáil 15, agus ar sheirbhísí idirlín.

Is féidir leat 12 mhír a thógáil ar iasacht ag aon uair amháin, ar a mhéad.

Ní mór duit glacadh le Cód Iompair na Leabharlainne i gcónaí aon uair a úsáideann tú áiseanna na leabharlainne.

## UAP

Eiseofar UAP duit in éineacht le do chárta ballraíochta nuair a ghlacann tú ballraíocht sa leabharlann. Beidh an uimhir seo de dhíth chun aon cheann de na ríomhairí againn a úsáid, ár seirbhísí ar líne leis.

Is féidir an UAP a leasú ag an mbrainse, nó ar line.

Más rud é go ndéanann tú dearmad ar an UAP, tóg cruthúnas aitheantais leat go dtí an leabharlann bhrainse is gearra leat agus eiseofar ceann nua duit.

Is ortsa a mbíonn an fhreagracht chun deimhniú nach roinntear do UAP le haon duine eile, nach scríobhtar síos é ar do chárta leabharlainne nó in aon áit eile a bhfágfadh nach mbeadh an UAP agat slán.

## Táillí agus Muirir

Ní ghearrtar aon táillí ar earraí a thugtar ar ais in am. Gheobhaidh tú meabhrúchán 4 lá sula mbeidh d'earra dlite ar ais. Is féidir leat do chuid earraí a athnuachan ar líne, ar an teileafón nó go pearsanta ag brainse.

Níl feidhm go deo ag fíneálacha nó ag táillí de réir na Straitéise Náisiúnta nua.
Rinne an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail in éineacht le Cumann Bainistíochta na Cathracha agus an Chontae agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil an straitéis do na leabharlanna poiblí ***Ár Leabharlanna Poiblí 2022*** a fhoilsiú i mí Iúil 2018. Sa straitéis náisiúnta seo déantar suntas don tábhacht atá ann go n-uasmhéadtar an méid rochtana atá ar fáil ar an tseirbhís leabharlainne poiblí, agus tá sé luaite inti gur ***acmhainn saor in aisce don saol is í an leabharlann phoiblí agus gur cheart go mbeadh fáil ag gach aon duine uirthi gan bacainn ná táillí.***

**Fágann sé sin, do Bhaill na Leabharlanna**

- Nach mbeidh táillí le híoc acu ón 1 Eanáir, 2019 amach.

- Nach n-athróidh na tréimhsí iasachta, na fógraí meabhrúcháin a sheoltar chuig na húsáideoirí ach oiread.
- go gCuirfear na pribhléidí iasachta uile atá agat ar fuaidreamh sealadach, i gcás gach aon sealbhóir cárta ballraíochta leabharlainne (leanaí agus aosaigh araon) an tríú huair go bhfaigheann tú fógra cuimhneacháin, a sheolfar chugat naoi seachtaine ón dáta ar a dtéann an mhír thar téarma, go dtí go dtugtar ar ais an mhír / nó i gcás míreanna leanaí, go dtí go bhfógraítear an caillteanas don leabharlann. Cuirtear deireadh leis na fuaidreáin uile chomh luath is a thugtar ar ais na míreanna atá thar téarma nó go n-íoctar aon táillí athsholáthair.
- Ní bhíonn táillí athsholáthair i gceist le haghaidh míreanna leanaí.
- Ní ghearrfar táillí athsholáthair le haghaidh míreanna atá caillte nó damáistithe ar leanaí faoi 18 mbliana d’aois.
- Gearrfar pionós ar aosaigh atá 18 mbliana d’aois nó níos sine as aon mhír aosaigh a chailltear nó a dhéantar damáiste leis.
- Is é an luach ceannaigh de réir mar atá taifeadta sa taifead catalóige a ghearrfar le míreanna atá caillte nó damáistithe.
- Is féidir táillí athsholáthair a íoc in aon bhrainse leabharlainne, is cuma cén bhrainse as ar tháinig an mhír den chéad uair.

Is féidir cuimhneachán ríomhphoist a fháil 3 lá roimh don mhír atá amach agat a bheith in am a bheith tabhartha ar ais ach amháin d’ainm a chur síos le haghaidh foláirimh ríomhphoist. Is féidir leat do mhíreanna a athnuachan ar líne, ar an teileafón nó go pearsanta sa bhrainse. Leis na foláirimh ríomhphoist, gheobhaidh tú foláireamh an lá tar éis dáta dlite na míre atá amach agat. Gheobhaidh tú fógra thar téarma 20 lá i ndiaidh an chéad chuimhneachán a bhfaighidh tú, is cuma an córas foláirimh a roghnaíonn tú (SMS agus / nó ríomhphost). Más rud é nach dtugtar ar ais an mhír nó nach n-athnuaitear í, scaoilfear amach dara fógra 42 lá tar éis don chéad fhógra a bheith tugtha.

Ní mór duit glacadh le Cód Iompair na Leabharlainne i gcónaí aon uair a úsáideann tú áiseanna na leabharlainne.

Ní mór duit glacadh leis na coinníollacha faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000.

Feidhmíonn leabharlanna poiblí laistigh den chreatlach reachtúil i dtaca leis na seirbhísí uile lena n-áirítear an Cód Iompair do Chosaint Leanaí i Leabharlanna Poiblí, An Rannán Leabharlann, Comhairle Contae Fhine Gall, 2018.

Ní mór do dhaoine a úsáideann an leabharlann a chomhlíonadh leis na riachtanais ghaolmhara.

**Glacadh**

Glacaim leis na téarmaí agus coinníollacha.

☐